Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
2016

# Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (Cúrsa Iomlán)

Aonad 3: Tuiscint ar Chórais TFC atá i nGnáthúsáid an Lae agus na hImpleachtaí atá ann don Duine Aonair, d’Eagraíochtaí, don tSochaí agus don Domhan Mhór

*GIT31*

## [GIT31]

## DÉ CÉADAOIN 18 BEALTAINE, MAIDIN

**AM**

2 uair an chloig.

**TREOIR D’IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d’Uimhir Lárionaid agus d’Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
**Ní mór duit na ceisteanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin.**
**Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach nó ar leathanaigh bhána.**
Comhlánaigh le dúch gorm nó le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí.**
Freagair **gach ceann** de na **seacht** gceist **déag**.

**EOLAS D’IARRTHÓIRÍ**

Is é 180 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeisteanna **7(b)**, **10(b)**, **11**, **13(a)**, **14(c)**, **15(c)** agus **16(c)**.

10153.02

**I gCeist 1 cuir an litir chuí sa spás atá curtha ar fáil.**

**1** **(a)** Roghnaigh an ráiteas ceart faoi shonraí.

**A** Is ionann sonraí agus faisnéis a próiseáladh

**B** Is ionann sonraí agus fíricí agus figiúirí a próiseáladh

**C** Is ionann sonraí agus fíricí agus figiúirí gan brí ar bith

**D** Is ionann sonraí agus faisnéis le brí

Freagra ____________ [1]

**(b)** Seasann AMO (*OMR*) do:

**A** Aithint Mhaighnéadach Optúil

**B** Aonad Maighnéadach Optúil

**C** Aithint Marcanna Optúla

**D** Aonad Marcanna Optúla

Freagra ____________ [1]

**(c)** Cé acu ráiteas atá ceart faoi AOC (*OCR*)?

**A** Seasann AOC d'Aithint Optúil Cód a mbaintear úsáid aisti le scrúduithe ilroghnacha a mharcáil

**B** Seasann AOC d'Aithint Optúil Cód a mbaintear úsáid aisti le doiciméid chlóscríofa nó lámhscríofa a scanadh

**C** Seasann AOC d'Aithint Optúil Carachtar a mbaintear úsáid aisti le scrúduithe ilroghnacha a mharcáil

**D** Seasann AOC d'Aithint Optúil Carachtar a mbaintear úsáid aisti le doiciméid chlóscríofa nó lámhscríofa a scanadh

Freagra ____________ [1]

**(d)** Cé acu ráiteas a thugann an sainmhíniú ceart ar víreas?

**A** Bogearraí a dearadh le damáiste a dhéanamh do chomhaid ar an ríomhaire

**B** Bogearraí a chuireann ar chumas an ríomhaire rochtain a fháil ar shuíomhanna gréasáin

**C** Crua-earraí a dearadh le damáiste a dhéanamh do chomhaid ar an ríomhaire

**D** Crua-earraí a chuireann ar chumas an ríomhaire rochtain a fháil ar shuíomhanna gréasáin

Freagra ____________ [1]

**(e)** Cé acu liosta nach bhfuil ann ach formáidí comhaid chomhbhrúite?

**A** txt, mpg, mp3, bmp

**B** jpg, mpg, mp3, zip

**C** jpg, mp3, zip, txt

**D** bmp, jpg, zip, txt

Freagra ____________ [1]

**(f)** Cé acu ráiteas atá ceart faoi fhlaismheáin?

**A** Baineann flaismheáin úsáid as diosca maighnéadach agus tá siad inléite amháin

**B** Baineann flaismheáin úsáid as diosca maighnéadach agus is féidir léamh uathu agus scríobh chucu

**C** Tugann flaismheáin an deis le traschur sonraí ardluais a dhéanamh agus tá siad inléite amháin

**D** Tugann flaismheáin an deis le traschur sonraí ardluais a dhéanamh agus is féidir léamh uathu agus scríobh chucu

Freagra ____________ [1]

**[Tiontaigh an leathanach**

**(g)** Roghnaigh an ráiteas ceart faoi CRR (*RAM*) ar ríomhaire.

**A** Is Cuimhne Randamrochtana í CRR, agus tá sí luaineach agus coinníonn sí na cláir atá á rith faoi láthair ar an ríomhaire

**B** Is Cuimhne Randamrangaithe í CRR, agus tá sí luaineach agus stórálann sí sonraí úsáideora go buan

**C** Is Cuimhne Randamrochtana í CRR, agus tá sí neamhluaineach agus stórálann sí sonraí úsáideora go buan

**D** Is Cuimhne Randamrochtana í CRR, agus tá sí neamhluaineach agus coinníonn sí na cláir atá á rith faoi láthair ar an ríomhaire

Freagra ____________ [1]

**(h)** Roghnaigh an liosta a léiríonn cainníochtaí cuimhne in ord ón cheann is lú go dtí an ceann is mó.

**A** Beart, Meigibheart, Gigibheart, Cilibheart

**B** Beart, Cilibheart, Gigibheart, Meigibheart

**C** Cilibheart, Beart, Meigibheart, Gigibheart

**D** Beart, Cilibheart, Meigibheart, Gigibheart

Freagra ____________ [1]

**(i)** Roghnaigh an ráiteas ceart faoi fheidhm digit seiceála ar bharrachód.

**A** Baintear úsáid as digit seiceála le costas earra a ríomh

**B** Baintear úsáid as digit seiceála le leibhéil stoic in ollmhargaí a nuashonrú

**C** Baintear úsáid as digit seiceála lena chinntiú gur iontráladh an barrachód i gceart

**D** Baintear úsáid as digit seiceála le hadmháil mhiondealaithe a tháirgeadh

Freagra ____________ [1]

**(j)** Roghnaigh an ráiteas ceart faoi tháirgeadh billí fóntais.

**A** Cruthaítear billí fóntais trí phróiseáil fíor-ama a úsáid agus baineann an próiseas úsáid as comhad idirbhirt

**B** Cruthaítear billí fóntais trí phróiseáil fíor-ama a úsáid agus ní bhaineann an próiseas úsáid as comhad idirbhirt

**C** Cruthaítear billí fóntais trí bhaiscphróiseáil a úsáid agus ní bhaineann an próiseas úsáid as comhad idirbhirt

**D** Cruthaítear billí fóntais trí bhaiscphróiseáil a úsáid agus baineann an próiseas úsáid as comhad idirbhirt

Freagra ___________ [1]

**2 (a)** Sa tábla thíos, ciorclaigh an cineál meáin a úsáidtear do gach gléas stórála.

| **GLÉAS STÓRÁLA** | **CINEÁL MEÁIN** | |
|---|---|---|
| DD -IA (*CD-RW*) | MAIGHNÉADACH | OPTÚIL |
| DIOSCA CRUA | MAIGHNÉADACH | OPTÚIL |
| DIOSCA BLU-RAY | MAIGHNÉADACH | OPTÚIL |

[3]

**(b)** Bhí baint ag Sophia le seó na scoile a scannánú. D'iarr a múinteoir uirthi scannán a dhéanamh de lena dháileadh ar thuismitheoirí.

Cé acu de na gléasanna stórála liostaithe thuas is fearr a d'oirfeadh don scannán seo a dháileadh?

______________________________ [1]

**(c)** Ba mhaith le Sophia an scannán a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin na scoile. Tabhair **dhá** phíosa comhairle do Sophia maidir le scannán a chur ar shuíomh gréasáin.

1. ______________________________

2. ______________________________ [2]

**LEATHANACH BÁN**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

**[Tiontaigh an leathanach**

**3** Anseo thíos tá rannán ó scarbhileog bhuiséid do chóisir Alana.

| | A | B | C | D | E |
|---|---|---|---|---|---|
| **1** | Dáta na Cóisire | **17 Aibreán 2016** | | | |
| **2** | Cistí ar fáil | £900.00 | | | |
| **3** | Achoimre Bhuiséad na Cóisire | | | | |
| **4** | **Earraí na Cóisire** | **Costas Measta** | **Fíorchostas** | **Difríocht** | **Thar an bhuiséad?** |
| **5** | Ionad | £175.00 | £200.00 | -£25.00 | Tá |
| **6** | Dioscó | £125.00 | £125.00 | £0.00 | Níl |
| **7** | Grianghrafadóir | £75.00 | £100.00 | -£25.00 | Tá |
| **8** | Maisiúcháin | £35.00 | £32.30 | £2.70 | Níl |
| **9** | Bronntanais | £60.00 | £60.00 | £0.00 | Níl |
| **10** | Priontáil | £25.00 | £25.00 | £0.00 | Níl |
| **11** | Bláthanna | £70.00 | £60.00 | £10.00 | Níl |
| **12** | Lónadóireacht | £275.00 | £310.50 | -£35.50 | Tá |
| **13** | Spotduaiseanna | £50.00 | £70.00 | -£20.00 | Tá |
| **14** | Rudaí eile | £100.00 | £110.00 | -£10.00 | Tá |
| **15** | **Caiteachas Iomlán** | **£990.00** | **£1,092.80** | **-£102.80** | |
| **16** | | | | | |
| **17** | | | | | |
| **18** | **Thar an bhuiséad** | -£192.80 | | | |

**(a)** Cén dóigh ar formáidíodh na cealla i ró 3?

_______________________________________________ [1]

**(b)** Cad é mar is féidir na sonraí sna cealla ó B5 go dtí B15 a úsáid le cuidiú le Alana a cóisir a phleanáil?

_______________________________________________

_______________________________________________ [1]

**(c)** Sa tábla thíos, scríobh an fhoirmle a úsáidtear leis na luachanna a ríomh sna cealla seo a leanas.

| Cill | Foirmle |
|---|---|
| D5 | [1] |
| C15 | [1] |
| B18 | [1] |

**(d)** Níl caiteachas Alana ag teacht leis na cistí atá ar fáil aici.

**(i)** Cad é an fhaisnéis atá ar fáil di i gcolún E?

_______________________________________________

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Comhlánaigh an ráiteas IF a thugann an fhaisnéis atá ar fáil i gcill E14.


**=IF ( ________________ <________________ , “Tá”, “Níl”)**

[2]

**[Tiontaigh an leathanach**

**(e)** Caithfidh Alana graif a chur ar fáil le faisnéis faoi chostais na cóisire a léiriú.

**(i)** Sa tábla faoin ghraf, luaigh **dhá** raon cille a úsáideadh leis an ghraf a thaispeántar a chruthú.





| | |
|---|---|
| **Raon cille 1** | [1] |
| **Raon cille 2** | [1] |

**(ii)** Mínigh an fhaisnéis atá curtha ar fáil ag an ghraf a thaispeántar thuas.

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(f)** Bhain Alana úsáid as cealla i gcolún C leis an ghraf thíos a dhéanamh.




**(i)** Cuir síos ar an fhaisnéis atá curtha ar fáil sa ghraf seo.

________________________________________

________________________________________

______________________________________ [2]

**(ii)** Mínigh buntáiste **amháin** as an fhaisnéis a léiriú ar an dóigh seo.

________________________________________

______________________________________ [2]

**(iii)** Ba mhaith le Alana macra a chruthú leis an chairt a phriontáil. Cad é is macra ann?

________________________________________

______________________________________ [2]

**4** Is teicneoir TF (*IT*) é Diarmuid i scoil.

Caithfidh sé an dóigh a bhféadfaí úsáid a bhaint as na poirt ar aghaidh a RP (*PC*) nua a mhíniú do mhúinteoir nua.

**(a)** Cad é dó a seasann na litreacha BUS (*USB*)?

BUS (*USB*): ______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(b)** Seachas BUS (*USB*), liostaigh cineál **amháin** eile poirt atá le fáil ar ríomhaire agus luaigh cad é mar a d’fhéadfadh an múinteoir úsáid a bhaint as gaireas atá ceangailte den phort sin.

Port: ______________________________________________

______________________________________________

Úsáid: ______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(c)** Tá an lipéad thíos le feiceáil ar thiomántán seachtrach DD/FDD (*CD/DVD*).




Luaigh cé acu atá gach ráiteas sa tábla thíos FÍOR nó BRÉAGACH.

| **Ráiteas** | **FÍOR/BRÉAGACH** |
|---|---|
| Is féidir an gaireas seo a úsáid le dioscaí Blu-ray a léamh | |
| Is féidir an gaireas seo a úsáid le dioscaí DD-CIA (*CD-ROM*) a léamh | |
| Is féidir an gaireas seo a úsáid le faisnéis a scríobh ar ghairis FDD-IA (*DVD-RW*) | |
| Is féidir an gaireas seo a úsáid le faisnéis a scríobh ar dhioscaí Blu-ray | |

[4]

Ba mhaith le duine de na múinteoirí Teicneolaíochta crua-earraí nua a cheannach do dhaltaí atá ag obair ar thionscadail GCSE.

**(d)** Ciorclaigh an gaireas is fóirsteanaí do na tascanna liostaithe thíos. Tabhair fáth le do rogha.

**(i)** Dearaí tionscadail a chruthú trí líníochtaí saorlámhacha a úsáid

Luchóg    Digiteoir Grafaicí    Liathróid Rialúcháin [1]

Fáth ____________________________________________

____________________________________________ [1]

**(ii)** Cóipeanna crua de dhearaí mórscála a tháirgeadh

Breacaire    Monatóir    Scanóir [1]

Fáth ____________________________________________

____________________________________________ [1]


**LEATHANACH BÁN**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

**[Tiontaigh an leathanach**

**5** Taispeántar thíos na gnéithe atá ar fáil i mbogearraí ríomhphoist Jim.






*© Microsoft 2016. Used with permission from Microsoft*

**(a)** Luaigh an fheidhm atá leis an ghné 'Seol ar aghaidh' atá ciorclaithe thuas.

______________________________________________ [1]

Tá 2000 ríomhphost i mbosca isteach Jim.

**(b)** Mínigh cad é mar is féidir le gach ceann de na gnéithe ciorclaithe thíos cuidiú le Jim ríomhphoist a aimsiú.

| **Gné** | **Cad é mar is féidir léi cuidiú le ríomhphost a aimsiú** |
|---|---|
|  *© Microsoft 2016. Used with permission from Microsoft* | [1] |
|  *© Microsoft 2016. Used with permission from Microsoft* | [1] |

10153.02

*44GIT3116*

Tá grúpaí ríomhsheoltaí (liostaí seachadta) curtha ar bun ag Jim.

**(c)** Mínigh buntáiste **amháin** as liostaí seachadta a úsáid le ríomhphoist a sheoladh.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [2]

Tá Jim ag seoladh ríomhphoist chuig a chairde. Tá cuid de á thaispeáint thíos.




*© Microsoft 2016. Used with permission from Microsoft*

**(d)** Cé acu ríomhsheoltaí a thaispeántar thuas nach mbeidh le feiceáil ag na daoine eile a gheobhaidh an ríomhphost?

______________________________________________________________________ [1]

Cheangail Jim comhad dá ríomhphost. Tá nótaí ann ón rang a chaill a chairde an lá roimhe sin.

**(e)** Cad é a bheadh le déanamh ag cairde Jim dá mba mhaith leo eagarthóireacht a dhéanamh ar an chomhad a sheol sé chucu?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [2]

**6** Baineann scoileanna úsáid as raon teicneolaíochtaí le tacú le foghlaim.

**(a)** Ticeáil (✔) an teicneolaíocht is cuí do gach ceann de na tascanna liostaithe sa tábla thíos.

| **Tasc** | **Idirlíon** | **Podchraoladh** | **TFF (*VLE*)** | **Físchomhdháil** |
|---|---|---|---|---|
| Grafaicí a chuardach le húsáid i dtasc Measúnú Rialaithe GCSE | | | | |
| Obair bhaile a chur isteach go leictreonach ionas go dtig le do mhúinteoir í a mharcáil ar líne | | | | |
| Cruinniú le daltaí ó scoil eile le comhthionscadal a phlé | | | | |
| Ag éisteacht le ceacht athbhreithnithe réamhthaifeadta ag úsáid fón cliste | | | | |

[4]

**(b)** Déanann an mhórchuid de scoileanna rochtain Idirlín a scagadh sa tseomra ranga.

**(i)** Mínigh cad é a chiallaíonn an frása 'rochtain Idirlín a scagadh'.

______________________________

______________________________

______________________________ [2]

**(ii)** Luaigh **dhá** fháth ar chóir do scoileanna rochtain Idirlín a scagadh.

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________ [2]

**(iii)** Mínigh cás **amháin** nuair a bheadh deacracht ag daltaí sa scoil mar gheall ar scagadh Idirlín.

______________________________

______________________________ [2]

**7** Déanann córais rialaithe cuid mhór feidhmeanna sa teach. Tá siad déanta de roinnt comhbhall.

**(a)** Mínigh feidhm na gcomhbhall seo a leanas i gcóras rialaithe agus tabhair sampla **amháin** de gach ceann acu.

**(i)** Braiteoir

Míniú: ______________________________________________

______________________________________________ [2]

Sampla de bhraiteoir:

______________________________________________ [1]

**(ii)** Gníomhróir

Míniú: ______________________________________________

______________________________________________ [2]

Sampla de ghníomhróir:

______________________________________________ [1]

**(b)** Is próiseas tábhachtach é aisfhotha i gcóras téamh lárnach. Mínigh i dtéarmaí ionchuir, próiseála, aschuir, agus aisfhotha cad é mar a choinníonn an córas téamh lárnach teocht an tseomra seasmhach.

[6]

**[Tiontaigh an leathanach**

**8** Faigheann úsáideoirí na mílte torthaí go minic agus iad ag déanamh cuardach ar líne.

**(a)** Luaigh **dhá** dhóigh a bhféadfadh úsáideoir líon na dtorthaí a theorannú ó inneall cuardaigh.

1. ______________________________

2. ______________________________ [2]

**(b)** Cad chuige a bhfuil brabhsálaí riachtanach nuair atáthar ag úsáid an Idirlín?

______________________________ [1]

**(c)** Liostaigh **dhá** ghné de bhrabhsálaí a ligeann d'úsáideoirí teacht ar leathanaigh ar tugadh cuairt orthu roimhe sin.

1. ______________________________

2. ______________________________ [2]

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)

[Tiontaigh an leathanach

**9** Taispeántar rannán ó thábla i mbunachar sonraí sa léaráid thíos.

**(a)** Lipéadaigh an dá achar scáthaithe thíos mar réimse nó mar thaifead.

| **CA (*ID*) Baill** | **Sloinne** | **Céadainm** | **DB (*DOB*)** | **Cineál Baill** | **Íoctha** |
|---|---|---|---|---|---|
| 07135 | Paine | Joe | 12/10/89 | Sóisear | T |
| 17171 | Smith | Sandra | 06/06/74 | Iomlán | T |
| 16104 | Omar | Hawzhin | 02/11/85 | Iomlán | N |
| 17207 | Chan | Christine | 16/06/85 | Sóisear | N |
| 07078 | Girvan | William | 03/04/77 | Iomlán | T |
| 45897 | eid | Sharif | 03/04/98 | Sóisear | N |

[1]

[1]

**(b) (i)** Roghnaigh Eochair Phríomhúil chuí don tábla thuas.

______________________________ [1]

**(ii)** Cad é an fheidhm atá le hEochair Phríomhúil i mbunachar sonraí ar bith?

______________________________ [1]

**(c)** Mol cineál sonraí cuí do na réimsí seo a leanas.

Sloinne ______________________________ [1]

Íoctha ______________________________ [1]

**(d)** Is féidir táblaí a nascadh le chéile trí chomhréimsí a úsáid. Cuir síos ar bhuntáiste **amháin** as táblaí a nascadh le chéile i mbunachar sonraí.

______________________________ [1]

Tá draoi ar fáil sa phacáiste láimhseáil faisnéise.

**(e)** Cad é is draoi ann?

______________________________

______________________________ [2]

**(f)** Tá faisnéis de dhíth faoi bhaill a rugadh i ndiaidh 1/1/1986 agus roimh 31/12/1989.

**(i)** Cad é an ghné den bhunachar sonraí ba chóir a úsáid leis na baill a aimsiú?

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Ticeáil (✔) na critéir sa tábla thíos a aimseoidh na baill seo.

| **CRITÉIR** | **TICEÁIL (✔)** |
|---|---|
| =<01/01/1986 Agus >=31/12/1989 | |
| >=01/01/1986 Agus <=31/12/1989 | |
| >01/01/1986 Agus <31/12/1989 | |

[1]

**(g)** Tá bailíochtú de dhíth leis na sonraí a bhailiú.

**(i)** Cad é an aidhm atá le bailíochtú le linn bailiú sonraí?

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**(ii)** Liostaigh **trí** chineál éagsúla de sheiceáil bailíochtaithe.

1. _______________________________________________

2. _______________________________________________

3. _______________________________________________ [3]

**LEATHANACH BÁN**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

**[Tiontaigh an leathanach**

**10** **(a)** Tá sé an-tábhachtach go roghnaítear pasfhocal láidir nuair atáthar ag úsáid seirbhísí ar líne.

**(i)** Luaigh **dhá** shaintréith a bhaineann le pasfhocal láidir.

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________ [2]

**(ii)** Cad é mar a bhaintear úsáid as fíorú nuair atáthar ag socrú pasfhocail?

______________________________

______________________________ [1]

**(b)** Baineann bainc úsáid as seirbhísí ar líne. Mar sin féin, níl sé seo gan deacrachtaí.
Cuir síos ar na deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le seirbhísí ar líne mar seo ag:

- Custaiméirí
- Slándáil

Custaiméirí ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

Slándáil ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ [6]

**11** Tá an domhan níos ceangailte le chéile mar gheall ar dhomhandú. Pléigh an dóigh ar chuir teicneolaíocht an Idirlín agus teicneolaíochtaí móibíleacha le domhandú.

[6]

**LEATHANACH BÁN**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

**[Tiontaigh an leathanach**

**12** Cheannaigh Robert consól cluichí úr. Ba mhaith leis clárú le himirt ar líne agus caithfidh sé síntiús bliana a íoc.

Caithfidh sé foirm ar líne a líonadh isteach agus sonraí íocaíochta dá shíntiús a chur ar fáil.

**(a)** Cad é mar is féidir le Robert cinnte a dhéanamh de go bhfuil an suíomh gréasáin slán?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [1]

**(b)** I ndiaidh dó clárú, goideadh sonraí Robert ón chomhlacht.

**(i)** Cad é an dlí atá deartha le sonraí Robert a chosaint?

______________________________________________________________________ [1]

**(ii)** Cuir síos ar an dóigh ar sháraigh an comhlacht an dlí seo.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [2]

**(c)** Is féidir criptiú a úsáid le sonraí a chosaint. Cad é is criptiú ann?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [2]

**(d)** Imríonn Robert cineálacha éagsúla cluichí. Mínigh na cineálacha cluichí seo a leanas.

**(i)** Cluichí Rólghlactha

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(ii)** Cluichí Puzail

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(e)** Imríonn Robert cluichí ar líne le daoine eile chomh maith. Luaigh **dhá** dhóigh a bhféadfadh Robert cinnte a dhéanamh de go bhfuil a aitheantas á chosaint agus é ag imirt ar líne.

1. ______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________ [2]

**13** Iarradh ar John na feidhmchláir seo a leanas a fhorbairt do bhanna ceoil áitiúil.

- Scarbhileog le cuntas a choinneáil ar a gcuid airgeadais
- Suíomh gréasáin le poiblíocht a thabhairt don bhanna ceoil

**(a)** Is cuid tábhachtach d'fhorbairt feidhmchláir í tástáil. Cuir síos ar an dóigh ar chóir do John gach feidhmchlár a thástáil sula dtabharfadh sé don bhanna ceoil é.

Scarbhileog ______________________________

Suíomh gréasáin ______________________________

[6]

**(b)** Bhain John úsáid as grafaic veicteoireach agus grafaic ghiotánmhapach agus é ag forbairt an tsuímh ghréasáin.

**(i)** Cuir síos ar dhóigh **amháin** a bhfuil grafaic veicteoireach difriúil ó ghrafaic ghiotánmhapach.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(ii)** Sa tábla thíos, ciorclaigh an cineál grafaice a mbainfeá úsáid aisti sna cásanna seo a leanas.

| **Cás** | **Grafaic** | | |
|---|---|---|---|
| Grianghraf de cheolchoirm atá le húsáid i leabhrán | Giotánmhapach | Veicteoireach | [1] |
| Íomhá chartúin de shonóg an bhanna ceoil atá le hathrú i méid agus atá le húsáid ar chomharthaí móra | Giotánmhapach | Veicteoireach | [1] |
| Grianghraf gnímh den bhanna ceoil atá le húsáid ar a suíomh gréasáin | Giotánmhapach | Veicteoireach | [1] |

**[Tiontaigh an leathanach**

**14** Baineann Max úsáid as bogearraí físchomhdhála le labhairt lena theaghlach san Astráil.

**(a)** Sainaithin píosa **amháin** crua-earraí atá riachtanach do na hoibriúcháin seo a leanas le linn físchomhdhála.

Ionchur gutha: ______________________________

Aschur gutha: ______________________________ [2]

In amanna bíonn moill idir an fhuaim agus an físeán le linn an ghlao.

**(b)** Tabhair fáth **amháin** leis an mhoill ar an chomhartha.

______________________________

______________________________ [2]

**(c)** Pléigh **dhá** thairbhe as físchomhdháil agus **dhá** thairbhe as ríomhphost do Max agus é ag labhairt lena theaghlach san Astráil.

Físchomhdháil

1. ______________________________

______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________

______________________________

Ríomhphost

1. ______________________________

______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________

______________________________ [6]

[Tiontaigh an leathanach

**15** Bíonn cuid mhór daoine ag imirt cluichí ríomhaire ar a bhfóin phóca na laethanta seo.

**(a)** Sainaithin **dhá** theicneolaíocht a chuireann ar chumas úsáideoirí rochtain a fháil ar an Idirlíon ar a bhfóin phóca.

1. ______________________________

2. ______________________________ [2]

Bíonn aisfhotha céadfach amhail crith á chur ar fáil d'úsáideoirí ag rialaitheoirí cluichí ríomhaire áirithe.

**(b)** Cuir síos ar bhuntáiste **amháin** don úsáideoir as an chineál seo aisfhotha agus é ag imirt cluiche ríomhaire.

______________________________

______________________________ [2]

Mhéadaigh cáilíocht na gcluichí a imrítear ar chonsóil agus ar ríomhairí le blianta beaga anuas.

**(c)** Cuir síos ar an dóigh ar chuidigh **dhá** dhul chun cinn sa teicneolaíocht le déanaí le cáilíocht cluichí a fheabhsú.

[6]

[Tiontaigh an leathanach

**16** Tá LAL (*LAN*) ag Coláiste an Tuaiscirt a bhfuil 300 ríomhaire nasctha leis. Tá rochtain ag gach ríomhaire ar an Idirlíon.

**(a)** **(i)** Forbair an t-acrainm LAL (*LAN*).

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Luaigh **dhá** bhuntáiste as ríomhairí líonraithe a bheith sa scoil.

1. _______________________________________________

_______________________________________________

2. _______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**(iii)** Mínigh an téarma cúltaca agus tabhair modh **amháin** le sonraí a chúltacú ar LAL (*LAN*).

Cúltaca _______________________________________________

_______________________________________________

Modh cúltaca _______________________________________________

_______________________________________________ [3]

**(b)** Úsáideann cuid mhór córais oibriúcháin CGU (*GUI*).

**(i)** Cad é an fheidhm atá le córas oibriúcháin ar aon chóras ríomhaire ar bith?

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**(ii)** Cuir síos ar CGU (*GUI*).

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**(c)** Cuir síos ar fheidhm na gcomhbhall seo a leanas ar an líonra.

- Balla dóiteáin
- Ródaire

Balla dóiteáin ________________________________________

Ródaire ________________________________________

[6]

**[Tiontaigh an leathanach**

**17** Bain úsáid as na téarmaí sa liosta thíos leis an téarma **amháin** a roghnú is fearr a théann leis an tsainmhíniú sa cholún ar thaobh na láimhe clé (ní bhainfear úsáid as gach téarma).

| | | |
|---|---|---|
| ***COMPUTER MISUSE ACT*** | **RAAAAD (*EFTPOS*)** | **AAA (*URL*)** |
| **DPL (*EPOS*)** | **CIA (*ROM*)** | **ILMHEÁIN** |
| **TAISC** | **PIG (*VoIP*)** | **PRÓTACAL** |
| **IONCHUR** | **CÁRTA COMHÉADAN LÍONRA** | |
| **BOGEARRAÍ SPIAIREACHTA** | **LASC** | **GAS (*RSI*)** |
| ***COPYRIGHT DESIGNS AND PATENTS ACT*** | | |

| SAINMHÍNIÚ | TÉARMA |
|---|---|
| Is téarma é a chuireann síos ar fhuaim, fís, pictiúir bheochana agus téacs nuair a úsáidtear iad le chéile | |
| Úsáid an idirlín le glaonna gutháin a dhéanamh | |
| Trealamh a úsáidtear le híocaíochtaí a phróiseáil ag an chuntar íocaíochta in ollmhargadh | |
| Gortú de bharr an iomarca úsáide a bhaint as ríomhairí | |
| Comhbhall líonra a úsáidtear le grúpa ríomhairí ar líonra a nascadh leis an fhreastalaí | |
| Dlí a chosnaíonn obair agus saothair forbróirí bogearraí | |
| Bogearraí a úsáidtear le rochtain neamhúdaraithe a fháil ar fhaisnéis ar ríomhaire | |
| Cineál cuimhne ríomhaire atá lonnaithe cóngarach don phróiseálaí | |
| Dlí atá deartha le cosc a chur ar bhradaíl | |
| Tacar rialacha a rialaíonn an dóigh a ndéantar sonraí a iompar ar líonra | |

[10]

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

**LEATHANACH BÁN**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| 12 | |
| 13 | |
| 14 | |
| 15 | |
| 16 | |
| 17 | |

| Marc Iomlán | |
|---|---|

**Uimhir Scrúdaitheora**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

207665